Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**9088/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0006(COD)**

**CODEC 750**
**COH 7**
**CADREFIN 260**
**SOC 344**
**ENER 229**
**ENV 366**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón mBulgáir**

Is é an tuiscint atá ag Poblacht na Bulgáire ar an tuairisciú ar chomhtháscairí in Iarscríbhinní I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an gCiste um Aistriú Cóir trí chatagóir ‘neamhdhénártha' a úsáid, mar rud nach bhfuil éigeantach. Níl sé i gceist ag Poblacht na Bulgáire sonraí ábhartha a bhailiú agus a thuairisciú ós rud é nach ann dá leithéid de chatagóir ina reachtaíocht náisiúnta.

**Ráiteas ón Ungáir**

Tá céim thábhachtach eile bainte amach ag an nós imeachta chun rialacháin maidir le Beartas Comhtháthaithe a ghlacadh. Feictear don Ungáir gur gá an ráiteas a rinne sí roimhe sin maidir le hionadaíocht agus léirmhíniú inscne sna rialacháin sin a athdhearbhú.

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na hUngáire i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Ar na cúiseanna sin, léiríonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do ghnéas, i gcomhréir le hAirteagail 8, 10, 19 agus 157 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus le hAirteagail 21 agus 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Thairis sin, tá an Ungáir lánchinnte nach bhfuil ábhar inscne iomchuí le sainiú sna doiciméid reachtacha sin.

I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap 'inscne', tagairt don ghnéas agus ar an gcoincheap ‘comhionannas inscne' tagairt don 'chomhionannas idir fir agus mná' sna Rialacháin. Maidir leis an miondealú ar shonraí, creideann an Ungáir gur cheart fonóta 2 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán JTF (agus freisin an chéad líne faoi seach d'Iarscríbhinn I agus d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le CSE+) a chur i bhfeidhm agus gur cheart tagairt a dhéanamh don téarma 'inscne' agus don idiraisnéis ina hiomláine, agus ní hamháin do cheann amháin de na fochatagóirí atá liostaithe inti.

Agus é á chur san áireamh gur faoi inniúlacht eisiach na mBallstát a thagann sé ábhar an téarma 'inscne' a chinneadh, ba cheart a thuiscint leis na haithrisí, na hairteagail, na hiarscríbhinní agus na fonótaí ábhartha go dtagraíonn siad don téarma inscne arna léirmhíniú i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.

## Ráiteas ón bPolainn

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, i bhfoclaíocht ar bith ina dtagraítear don téarma 'inscne', déanfaidh an Pholainn é a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE.